



COIMEÁDTAR LOTNAIDÍ AGUS GALAIR PLANDAÍ AMACH AS AN AONTAS



NÍ CHEADAÍTEAR plandaí, torthaí*, glasraí, bláthanna ná síolta a thabhairt isteach san Aontas Eorpach gan deimhniú fíteashláintíochta.**

* Is féidir bananaí, cnónna cócó, dátaí, anainn agus dúraígh a thabhairt isteach san Aontas gan deimhniú.

** Ní gá deimhniú a bheith agat i gcás ina dtagann na plandaí, na torthaí, na glasraí, na bláthanna nó na síolta ó Lichtinstéin, ón Eilvéis nó ón Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann amháin).

** Is gá deimhniú a bheith agat i gcás ina dtagann siad ó na críocha seo a leanas de chuid an Aontais: Ceuta, Melilla, na hOileáin Chanáracha, Guadalúip, Guáin na Fraince, Martinique, Mayotte, La Réunion, Saint-Barthélemy agus Saint-Martin.

